Bearta Nua Caiteachais

Tá an Rialtas tiomanta réimse seirbhísí bhreise a sholáthar ar fud réimsí éagsúla. Tá roinnt bearta breise leagtha amach faoi seo. Tá sonraí i ndáil le Bearta Caipitil agus leithranna ilbhliantúla i rannán ar leithligh den treoir seo.

Coimirce Shóisialach

- Tá soláthar déanta le haghaidh Bónas Nollag in 2017 do dhaoine atá ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh fadtéarma;
- Déanfar méadú €5 sa tseachtain ar an bPinsean Stáit a sholáthar agus ar gach íocaíocht sheachtainiúil leasa shóisialaigh freisin lena n-áirítear liúntas míchumais, liúntas cúramóra agus liúntas agus sochar cuardaitheora poist araon;
- Tabharfar isteach Liúntas Tacaíochta Pobail ina mbeidh íocaíocht sheachtainiúil €2.50 do dhaoine a fhaigheann an Liúntas Maireachtála Aonair agus an Liúntas Breosla;
- Cuirfear fadú 1 seachtain le séasúr an liúntais breosla;
- Beidh méadú €10 ar na tairsí don Fhorlíonadh Ioncaim Teaghlaigh do theaghlaigh ina bhfuil suas le triúr clainne;
- Cuirfear méadú €2 sa tseachtain ar an ráta seachtainiúil i leith gach linbh cháilithe.

Sláinte

- Tá méadú 4.6% chun teacht ar an ollchaiteachas reatha vótáilte do Shláinte;
- Tionscnamh um an liosta feithimh lena n-áirítear maoiniú breise don Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála
- San earnáil chúraim phríomhúil soláthrófar €40 milliún chun conradh dochtúra teaghlaigh a fhorbairt, chun Foirne Idirghabhála Pobail a leathnú, le haghaidh poist Gairmtheiripe agus chun síneadh a chur le huaireanta Dochtúra Teaghlaigh lasmuigh den ghnáthuaireanta;
- Laghdófar muirir oidis do shealbhóirí cárta leighis faoi bhun 70 bliain d'aois go dtí €2 an ítim, suas go dtí uasmhéid €20 in aon mhí, de réir an laghdaithe a cuireadh i bhfeidhm maidir le daoine os cionn 70 bliain d'aois i mBuiséad 2017. Ina theannta sin, laghdófar an tairseach mhíosúil €144 go dtí €134 do chliaint na Scéime Íocaíochta Drugaí.
- Meabhairshláinte – Déanfar seirbhísí a fhorbairt de réir an mhúnla atá leagtha amach sa bhFís don Athrú.

Talmhaíocht – Bearta a bhaineann le Brexit

- Déanfar scéimeanna iasachtaí breise a fhorbairt don earnáil talmhaíochta/bia agus chun obair chur chun cinn agus fhorbartha Bhord Bia i gcomhthéacs Brexit a mhaoiniú.

Leanaí agus Gnóthaí Óige

- Cuirfear €40 milliún euro breise ar fáil do Tusla chun foireann nua a earcú chun freastal ar éilimh mhéadaithe, chun dul i ngleic le heasnaimh sa tseirbhís lasmuigh den ghnáthuaireanta agus chun gréasán na Lárionad Acmhainní Teaghlaigh a fhorbairt tuilleadh;
- Cúram Luathbhlianta agus Oideachas – an tSeirbhís Luathoideachais agus Cúraim Leanaí a leathnú i Meán Fómhair 2018 ón meánteidlíocht reatha 61 seachtain go dtí 76 sheachtain do gach leanbh cáilithe agus caipitíocht a mhéadú 7%. Ina theannta sin, soláthraítear freisin sa leithroinnt maoiniú i leith costais lánbhliana a bhaineann le híocaíocht uilechuimsitheach agus méadú ar na fóirdheontais faoi scéimeanna spriocdhírithe an Fhóirdheontais Cúraim Leanaí sa Phobal a tugadh isteach i Meán Fómhair 2017.

Oideachas

- Méadú 5½ faoin gcéad ar an gcaiteachas reatha don oideachas;
- Laghdú 1 phointe ar an gcóimheas idir daltaí agus múinteoir ag an leibhéal Bunoideachais agus pacáiste le haghaidh maoiniú Ardoideachais;
- Déanfar maoiniú ar réimse seirbhísí breise in earnáil an Oideachais lena n-áirítear poist Múinteoireachta Oideachais Speisialta, síceolaithe breise don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus scéim nua phíolótach do Theiripeoirí Urlabhra & Teanga laistigh de scoileanna. 100 post gairmthreorach nua.
- Caiteachas breise ar Phrintíseacht agus Oiliúint;
- Maoiniú breise maidir le soláthar Ardoideachais is iomchuí le fostóirí.
- Déanfar cistí caipitil breise €4 milliún a sholáthar do Chlár Lárionaid Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann rud a thabharfaidh soláthar caipitil iomlán Fhondúireacht Eolaíochta Éireann go dtí méid is mó ná €166 milliún an bhliain seo chugainn;

Tithíocht

- Méadú €0.6bn (50%) san iomlán sa Chlár Tithíochta faoi mhaoiniú an Státchiste (€0.2 billiún reatha, €0.4 billiún caipitil);
- Soláthrófar méadú €325 milliún d'Údaráis Áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe chun a thuilleadh tithe a fhoirgniú nó a fháil chun tithíocht shóisialta a chur ar fáil maraon le leithranna breise suntasacha le haghaidh Tionscnaimh Deisiúcháin agus Léasaithe agus Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú;
- Soláthar méadaithe faoin gClár Caiteachais Reatha um Thithíocht Shóisialta chun 1,810 aonad breise a sheachadadh in 2017. Soláthar breise chun tacaíocht fhadtéarma agus réitigh inbhuanaithe a aimsiú do theaghlaigh gan dídean. Cuirfear cóiríocht ar fáil do bhreis is 17,000 teaghlach faoin Íocaíocht um Chúnamh Tithíochta

Dlí agus Ceart

- Athchóiriú an Gharda Síochána – Earcófar suas le 500 ball foirne is sibhialtaigh in 2018 chomh maith le 800 Garda faoi oiliúint.

- Slándáil an Stáit a chosaint – Bunófar aonad nua faisnéise paisinéirí.
- Tacaíocht d'Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

- Éire Ildánach, Oidhreacht lena n-áirítear Uiscebhealaí Éireann, Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta, An Ghaeltacht – An Straitéis 20 bliain don Ghaeilge.

Forbairt Tuaithe agus Pobail

- Scéimeanna Náisiúnta um Fhorbairt Tuaithe lena n-áirítear bearta maidir le hÁineas faoin Tuath agus Siúlóidí faoin Tuath, CLÁR agus tacaíocht chun an Plean um Fhorbairt Tuaithe a chur i gníomh.

Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil

- Caibidlíochtaí Airteagal 50 a bhainistiú. Lorg domhanda na hÉireann a fhorbairt tuilleadh lena n-áirítear freagra spriocdhírithe i dtosach. Rannpháirtíocht feabhsaithe maidir le Cúnamh Forbartha Thar Lear.

Gnó, Fiontair agus Nuálaíocht

- Foireann bhreise chun dul i ngleic le dúshláin ar leith ina measc dúshláin a bhaineann le Brexit. I dteannta leis seo beidh leithroinnt bhreise €40m ann do chaiteachas caipitil.

Bearta Eile

- Bearta um chomhlíondh maidir le hioncam. Iompar- an Oibleagáid Seirbhíse Poiblí. Turasóireacht - bonneagar digiteach mar chuid de Brexit.

Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí

- Méadú pá 1% i mí Eanáir 2018 agus 1% i mí Dheireadh Fómhair 2018. Léiríonn sé seo céim eile i dtreo leachtú rialaithe na mbeart airgeadais faoin reachtaíocht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail agus cinnteofar cobhsaíocht leanúnach mar chuid ríthábhachtach de bhille pá an Státchiste thar an mheántéarma.